Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5513/23**

**SOC 33**
**EMPL 21**
**SAN 29**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Silvio FARRUGIA, comhalta do Mhálta, in ionad Mark GAUCI, atá éirithe as |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Mark GAUCI éirithe as mar chomhalta malartach den Choiste thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (do Mhálta).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh 2003/C 218/01[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas Mhálta le teacht in ionad an chomhalta mhalartaigh atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2025:

Silvio FARRUGIA
Senior Manager (Policy Development and Programme Implementation)
Occupational Health and Safety Authority
17 Edgar Ferro Street
Pietà
PTA 1533
MALTA
Teil.: + 356 21247677
ríomhphost: silvio.a.farrugia@ohsa.mt

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír ‘A’; agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003[2] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[3], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Mark GAUCI as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas Mhálta don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[3] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Silvio FARRUGIA ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Mark GAUCI, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., an …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán